Tuairisc ar Ghéilliúlacht do Chuid 5 den Acht Míchumais 2005 do 2015

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Clár

Tuairisc ar Ghéilliúlacht do Chuid 5 Acht Míchumais 2005-2015.....1

Achoimre Feidhmeannach.....3

1. Réamhrá 4

2. Príomhthorthaí do 2015..... 6

3. Monatóireacht agus Géilliúlacht 12

Aguisín A – Ranna Rialtais.....15

Aguisín B – Comhlachtaí Poiblí 16

Aguisín C – Rátaí freagartha daonáireamh foirne 2015.....28

Achoimre Feidhmeannach

Seo an naoiú tuairisc ón Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) ar lucht míchumais a fhostú san earnáil phoiblí. Tá ról reachtúil ag an NDA, a eascraíonn as Cuid 5 den Acht Míchumais 2005, maidir le monatóireacht ar fhostú lucht míchumais san earnáil phoiblí.

Faoi dheireadh na bliana 2015, tuairiscíodh gur lucht míchumais iad 3.6% den bhfoireann i gcomhlachtaí san earnáil phoiblí. Méadú beag é seo ar 3.5% i 2014. Ón mbliain 2011 i leith, diaidh ar ndiaidh sáraíodh an sprioc 3% don cheathrú bliain as a chéile.

Ar an iomlán tá 7,245 fostaí faoi mhíchumas, sin méadú 474 ar fhigiúr 2014. Seo an líon is mó fostaithe faoi mhíchumas a taifeadadh ó cuireadh tús leis an bpróiseas um mhonatóireacht reachtúil thiar i 2007.

Is é 201,341 an líon iomlán fostaithe, sin méadú 6,063 ó anuraidh. Dá bhrí sin leantar den phatrún méadú ó anuraidh. Tá ceithre chatagóir comhlachtaí poiblí ann don mhéid:

- 1-99 fostaí,
- 100-999 fostaí
- 1,000-4,999 fostaí
- 5,000+ fostaí

agus ar aon dul le 2014, shroich siad nó sháraigh siad an sprioc. Tá ceithre chatagóir ann don chineál:

- ranna rialtais
- comhlachtaí poiblí faoi státseirbhísigh
- údaráis áitiúla
- comhlachtaí tráchtála

agus shroich siad go léir an sprioc 3%. Bhí na comhlachtaí neamhthráchtála go díreach faoi bhun an sprioc ag 2.8%.

Tháinig feabhas ó anuraidh ar ghéilliúlacht don 30 Meitheamh mar sprioc-lá tuairisce do shonraí cainníochtúil. Fuarthas an aighneacht chainníochtúil dheiridh 13 Iúil. Fuarthas an aighneacht chineálach dheiridh 25 Lúnasa.

Don bhliain 2015, léirigh mórán comhlachtaí poiblí go raibh srianta earcaíochta mar bhac orthu is iad ag iarraidh cur leis an an líon fostaithe faoi mhíchumas. Spreagann an NDA gach comhlacht phoiblí, go háirithe má tá srian ar earcú, i leith an leibhéal tuairisciú a fheabhsú trí fheabhas ar rátaí freagartha daonáireamh agus cultúr ionas nach mbraithfear gur bac ar shlí beatha é a admháil go bhfuiltear faoi mhíchumas.

1 Réamhrá

1.1 Cúlra reachtúil

I gCuid 5 den Acht Míchumais 2005 leagtar síos ról reachtúil don Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) um mhonatóireacht ar an earnáil phoiblí. Sonraítear freisin na dualgais atá ar chomhlachtai poiblí agus ranna rialtais i leith fostaíocht, tuairisciú agus monatóireachta.

Go hachomair, is iad na dualgais faoin Acht:

- Déanfaidh comhlachtaí poiblí, chomh fada agus is féidir, gach beart réasúnta chun fostú lucht míchumais a chur chun cinn is tacóidh siad leis an bhfostú céanna (S.47.1a)
- Cinnteoidh comhlachtaí poiblí, ach fáth maith a bheith acu lena mhalairt, go sroichtear na spriocanna géilliúlachta a leagtar síos (S.47.2)
- Bunóidh na hAirí coiste monatóireachta ina Ranna féin (S.48.1)
- Seolfaidh comhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil ar ghéilliúlacht chuig an coiste monatóireacht sa roinn a bhaineann leo faoin 31 Márta in aghaidh na bliana (S.48.2)
- Seolfaidh an coiste tuairisc bhliantúil chuig an NDA faoin 30 Meitheamh (S.48.5d)
- Nuair a lorgaíonn Aire nó an NDA breis eolas faoi ghéilliúlacht, seolfaidh an chomhlacht phoiblí é sin laistigh de thrí mhí (S 49.1)
- Má leantar de neamhghéilliúlacht ar feadh dhá bhliain, is má bhíonn an NDA den tuairim nach bhfuiltear géilliúil, féadfaidh siad 'bearta áirithe' a lorg ionas go mbeidh an chomhlacht in ann géilliúlacht a bhaint amach.

1.2 Foireann faoi mhíchumas a áireamh

San Acht ní leagtar síos modh chun foireann faoi mhíchumas a áireamh ná a aithint. Chuir an NDA comhairle ar chomhlachtaí poiblí faoi mhodhanna éagsúla ina leith san. Caithfidh gach comhlacht poiblí an modh atá oiriúnach dóibh féin a roghnú chun an líon foireann faoi mhíchumas a áireamh in aghaidh na bliana. D'iarr an NDA orthu a bheith leanúnach maidir le modhanna i gcaitheamh na haimsire chun difríochtaí móra sna sonraí mar a thuairiscítear iad a sheachaint.

Beart lárnach i gcás foireann faoi mhíchumas a aithint is ea daonáireamh iomlán foirne, nuair a iarrtar ar chách a chur in iúl má táthar faoi mhíchumas. Is léir ó na tuairiscí a thagann gur fada óna chéile iad na rátaí freagartha foirne. Bíonn dúshlán ag baint le timpeallacht a chruthú mar a mbeidh an duine faoi mhíchumas sásta é sin a admháil. De réir ár dtaithí féin faightear na torthaí is fearr mar a leanas:

- Chomh maith leis an daonáireamh bíonn clár cumarsáid a mhíníonn an gá atá leis, slándáil an eolais agus an leas a bhaintear d'fhostaithe agus don eagraíocht ar an iomlán. Is maith an chabhair í dul i gcomhar le ceardchumainn agus páirtithe leasmhara eile.

- Cruthaíonn an fostóir cultúr agus timpeallacht mar a dtuigeann an ball foirne nach mbeidh aon toradh diúltach ar an mbeart ó thaobh na fostaíochta de má luaitear an míchumas.

Níl gá le daonáireamh iomlán gach aon bhliain. Bíonn comhlachtaí ann ag a mbíonn daonáireamh ó am go chéile, úsáidtear taifid HR ar theacht is imeacht maraon le hiarratais ar chóiríocht réasúnta chun teacht ar athruithe idir an dá linn. Ar ndóigh cuirtear bearta cuí i bhfeidhm um chosaint sonraí. Sa chás nár tharla daonáireamh le tamall de bhlianta, d'fhéadfaí leas a bhaint as chun béim a leagan ar an dtábhacht a bhaineann le fostaíocht do lucht míchumais.

1.3 Cur chun cinn agus tacaíocht fostaíochta

Ar an mórgóir bheadh an NDA ag súil go ndéanfadh comhlachtaí poiblí na bearta seo a leanas chun tacú le fostaíocht do lucht míchumais agus í a chur chun cinn:

- Sprioc straitéiseach a bhunú mar an sprioc 3% a shroichint nó a shárú laistigh de straitéis HR nó plean foirne
- Ráta maith freagartha a chinntiú i ndaonáireamh fostaithe trí chultúr a chruthú mar nach mbeidh aon toradh diúltach ar an mbeart ó thaobh na fostaíochta de má luaitear an míchumas
- A chinntiú go gcaitheann polasaí agus próisis earcaíochta go cothrom le lucht míchumais, ligean do dhaoine modhanna nuálacha a úsáid chun a gcumas féin a léiriú
- A chinntiú go mbíonn painéal agallaimh oilte mar is cóir chun déileáil le ceisteanna míchumais le linn agallaimh
- Cóiríocht chuí a sholáthar do bhaill foirne idir nua agus eile chun go mbeifear in ann an obair a dhéanamh, san áireamh bheadh athrú ar phróisis, cumarsáid, timpeallacht fhisiciúil agus teicneolaíocht
- Oiliúint i gcomhionannas míchumais a chur ar ar an bhfoireann ag gach leibhéal, iad siúd atá freagrach as forbairt polasaí agus bainistiú daoncmhainní san áireamh

Tuigeann an NDA go raibh sé deacair nó fiú do-dhéanta do chomhlachtaí poiblí lucht míchumais a fhostú le blianta beaga anuas de dheasca bac a bheith ar earcaíocht. Fiú gan daoine nua a earcú, féadfar an ghéilliúlacht a fheabhsú trí chultúr a athrú nó trí thacaíochtaí dóibh siúd atá ann a fheabhsú. Ta dóchas againn go mbeidh breis deiseanna fostaíochta ar fáil as seo amach do lucht míchumais agus eile os rud é go bhfuil feabhas éigin ag teacht anois ar chúrsaí geilleagair.

2 Príomhthorthaí do 2015

2.1 Sáraíodh an sprioc 3% don chúigiú bliain as a chéile

Don chúigiú bliain as a chéile sháraigh líon iomlán an lucht míchumais sa tseirbhís phoiblí an sprioc 3% (féach Tábla 1). Tharla méadú ar an líon iomlán fostaithe agus ar an líon lucht míchumais ón mbliain 2014.

Tá 201,341 fostaí ar fad ann, sin méadú 6,063 (3.1%) ar fhigiúr 2014 agus tá 7,245 fostaí ar fad faoi mhíchumas, sin méadú 474 (4.7%).

Mhéadaigh ar na figiúirí don dara bliain as a chéile. Blianta eile (ó 2007 go 2013) bhíodh laghdú ar an líon fostaithe in aghaidh na bliana, os coinne sin, bhíodh an líon fostaí a luaigh míchumas ag dul suas agus síos.

Seo an chéad uair ón mbliain 2011 don líon fostaí san earnáil phoiblí a bheith os cionn 200,000. Tuairiscíodh freisin an líon fostaithe faoi mhíchumas ba mhó riamh.

Tábla1: I dtreo Sprioc 3%, 2007-2015

Bliain	Foireann iomlán	Líon foirne tuairiscithe faoi mhíchumas	% den bhfoireann iomlán
2007	238,833	5,879	2.5%
2008	229,000	6,083	2.7%
2009	219,653	6,380	2.9%
2010	210,249	5,748	2.7%
2011	205,067	6,171	3.1%
2012	197,588	6,611	3.3%
2013	192,575	6,464	3.4%
2014	195,278	6,771	3.5%
2015	**201,341**	**7,245**	**3.6%**

2.2 Athruithe i gcomhlachtaí poiblí

Bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh sa Láthair Oibre (WRC) I Deireadh Fómhair 2015 agus ghlac le feidhmeanna ón Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (NERA), an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an Binse Comhionannais (ET), Seirbhisí na gCoimisinéirí Cearta (RCS), agus le Gearáin agus Seoladh ón mBinse Achomhairc Fostaíochta (EAT). Chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta figiúirí ón gCoimisiún um Chaidreamh sa Láthair Oibre laistigh dá gcuid figiúirí féin. Ar son leanúnachais, bailíodh na sonraí go díreach mar a bhailítí iad ó na háisínteachtaí a bhíodh ann cheana agus a dtáinig an WRC ina n-ionad.

Áisínteacht nua is ea Spórt Éireann mar nascadh Campas Náisiúnta Spóirt Údarás Forbartha agus Spórt Éireann Mí Deireadh Fómhair 2015.

Bhog Ervia go dtí An Roinn Tithíochta, Pleanáil, Pobail agus Rialtais Aitiúil i 2015. Bhídís faoin Roinn Cumarsáid, Gníomh Aeráide agus Comhshaoil.

Ar deireadh, tá teideal nua ar thrí roinn mar a leanas:

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
- An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Aitiúil

2.3 Anailís de réir cineál comhlacht poiblí

Cuireadh sonraí 2015 i gcúig cinn de chatagóirí comhlachtaí poiblí ar aon dul le blianta eile:

- comhlachtaí tráchtála,
- ranna rialtais,
- comhlachtaí údarás áitiúla,
- comhlachtaí neamhthráchtála poiblí agus
- comhlachtaí poiblí faoi státseirbhísigh.

Comhlachtaí Tráchtála

Is iad na comhlachtaí tráchtála ná na comhlachtaí stáit iompair agus fuinnimh mar a raibh 18.5% de líon an lucht oibre san earnáil phoiblí i 2015. Léiríonn sonraí 2015 méadú 938 go 37,206 ar an líon iomlán fostaithe agus méadú 55 go 1,581 ar lucht tuairiscithe faoi mhíchumas. B'fhéidir gur toradh ar athrú sna cleachtais chuntasaíochta é an méadú seo. Mar shampla, go dtí 2014 agus an bhliain sin san áireamh, thug Bord na gCon an líon iomlán foirne mar fhigiúr cothrom lánaimseartha, ach i 2015 luaigh siad an fíor líon foirne, lucht séasúrach san áireamh. Dá réir sin thainig méadú 331 ar líon foirne Bhord Bord Na gCon ó 175 i 2014 go 506 in 2015.

Ar an iomlán shroich 76.7% na gcomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc, méadú 67.7% ar fhigiúr 2014 (féach Tábla 2).

Ranna Rialtais

Tá thart ar dhuine as gach deichniúr san earnáil phoiblí ag obair i roinn rialtais. I 2015 bhí 20,286 agus 4.5% (916) luaite faoi mhíchumais, sin méadú 152 ar fhigiúr 2014. Ar an iomlán sháraigh 17 roinn an sprioc 3% don cheathrú bliain as a chéile.

Rialtas Áitiúil

Tá 15% nach mór den earnáil phoiblí ag obair san earnáil údarás áitiúla, cuimsítear comhairlí contae is cathrach agus comhlachtaí eile údarás áitiúla.

Léiríonn tuairisc 2015 laghdú go beagán faoi bhun 30,000 fostaí agus luadh míchumas le 35 acu (4.7%). Ar an iomlán sháraigh 85.7% sa chatagóir seo an sprioc agus é sin ag teacht le líon na bliana anuraidh.

Comhlachtaí Neamhthráchtála

Seo an earnáil is mó sa tseirbhís phoiblí mar a bhfuil beagnach a leath den lucht iomlán oibre. Is anso atá an fostóir is mó acu, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). San earnáil seo freisin tá comhlachtaí eile sláinte, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, comhlachtaí cultúrtha mar An Ceoláras Náisiúnta agus comhlachtaí comhairlitheach mar Údarás Sábháilteacht Bia na hÉireann.

I gcomparáid le 2014 tháinig méadú 4,646 go 101,799 ar an líon fostaithe san earnáil seo agus 2.8% (2,887) luaite faoi mhíchumas, méadú an-bheag ó 2.6% i 2014.

Ar aon dul le 2013, seo í an t-aon earnáil amháin nár shroich an sprioc mar 3% i 2015.

Comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísigh (PBCS)

Sna háisínteachtaí seo tá thart ar 6% den lucht oibre san earnáil phoiblí. San earnáil tá comhlachtaí mar a bhfuil foireann státseirbhíseach mar shampla An Bord Pleanála, Na Coimisinéirí Ioncaim, An Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

I 2015 tháinig méadú 429 go 12,065 ar an líon fostaithe san earnáil seo agus 3.7% (449) luaite faoi mhíchumas.

Ar an iomlán shroich 65.9% na gcomhlachtaí sa chatagóir seo an sprioc.

Bhíodh An Bord Uchtála sa chatagóir Comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísigh agus tá sé anois san earnáil Neamhthráchtála. Tharla sé seo de bharr athrú ar stádas foirne mar tá níos mó fostaithe anois san earnáil phoiblí ná sa státseirbhís.

Achoimre

Léiríonn sonraí 2015 an earnáil Tráchtála, ranna Rialtais, earnáil Neamhthráchtála agus comhlachtaí Poiblí faoi Státseirbhísigh. Meadaíodh ar an líon iomlán fostaithe agus ar an líon atá faoi mhíchumas. Is fíor, áfach, gurbh í an earnáil Neamhthráchtála amháin a mhéadaigh ar an dá fhigiúr fostaíochta úd i 2014. Is fíor freisin gur tháinig laghdú 102 i 2015 ar an iomlán foirne san earnáil Rialtais Áitiúil ach méadú 35 orthusan a bhí faoi mhíchumas.

Tábla 2: 2014, 2015

Cineál comhlacht san earnail phoiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchum-as	% foirne faoi mhíchumas	% lucht iomlán oibre	% comh-lacht a shroich an sprioc	Líon Comh-lacht Poiblí
Tráchtála 2015	37,206	1,581	4.2%	18.5%	76.7%	30
Tráchtála 2014	36,268	1,526	4.2%	18.6%	67.7%	31
Athrú 2014/15	+938	+55	-	-0.1%	+9%	-1
Roinn Stáit 2015	20,286	916	4.5%	10.1%	100.0%	17
Roinn Stáit 2014	20,134	874	4.3%	10.3%	100.0%	17
Athrú 2014/15	+152	+42	+0.2%	-0.2%	-	-
Rialt. Áitiúil 2015	29,985	1,412	4.7%	14.9%	85.7%	35
Rialt. Áitiúil 2014	30,087	1,377	4.6%	15.4%	85.3%	34
Athrú 2014/15	-102	+35	+0.1%	-0.5%	+0.4%	+1
Neamhthrá. 2015	101,799	2,887	2.8%	50.6%	67.0%	97
Neamhthrá.2014	97,153	2,574	2.6%	49.8%	61.2%	98
Athrú 2014/15	+4,646	+313	-0.2%	+0.8%	+5.8%	-1
PBCS 2015	12,065	449	3.7%	6.0%	65.9%	41
PBCS 2014	11,636	420	3.6%	6.0%	65.1%	43
Athrú 2014/15	+429	+29	+0.1%	-	-0.8%	-2
Iomláin 2015	201,341	7,245	3.6%	100%	73.6%	220
Iomláin 2014	195,278	6,771	3.5%	100%	69.5%	223
Athrú 2014/15	+6,063	+474	+0.1%	-	+4.1%	-3

2.4 Anailís de réir méid comhlacht poiblí

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann faoi bhun 100

Tá 89 comhlacht poiblí ag a bhfuil foireann faoi bhun 100 agus sin go díreach os cionn 1.6% an lucht iomlán oibre. Sa chatagóir seo tá 3,143 duine, agus 4.5% (142) luaite faoi mhíchumas. Sin beagán os cionn 2% an lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas (féach Tábla 3).

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 100 and 999

Is sa chatagóir seo atá an líon is mó comhlachtaí poiblí (97) agus sin beagán os cionn 20% an lucht iomlán oibre. Ar an iomlán tá 40,562 duine agus 4.2% (1,687) luaite faoi mhíchumas. Sa chatagóir seo tá 23% den lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas.

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann idir 1000 agus 4999

Tá 28 comhlacht poiblí ag a bhfuil idir 1,000 agus 4,999 foirne agus sin go díreach os cionn 30% an lucht iomlán oibre. Fostaítear 58,021 duine agus 4.1% (2,393) luaite faoi mhíchumas, sin 33% den lucht iomlán oibre atá luaite faoi mhíchumas.

Níl ach trí chomhlacht poiblí sa chatgóir seo nár shroich an sprioc 3%:

- Ospidéal Beaumont 2.5% (2.4% in 2014)
- An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA) 1.2% (0.6% in 2014)
- IT Phort Láirge 2.5% (3.2% in 2014)

Comhlachtaí poiblí ag a bhfuil foireann os cionn 5,000

Is sa chatagóir seo atá an líon is lú comhlachtaí poiblí (6) agus an céatadán is mó den lucht iomlán oibre (49.5%). Fostaítear 99,615 duine agus 3% (3,023) luaite faoi mhíchumas. Tá 42% den bhfoireann iomlán san earnáil phoiblí luaite faoi mhíchumas sna comhlachtaí móra poiblí seo.

Ag seo na comhlachtaí poiblí atá sa chatagóir maraon le céatadáin na bhfostaithe luaite faoi mhíchumas:

- An Post 5.1% (5.0% i 2014)
- An Roinn Coimirce Shóisialaí 5.0% (4.7% i 2014)
- Comhairle Cathrach BÁC 5.9% (5.6% i 2014)
- Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) 4.7% (5.3% i 2014)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2.2% (2.1% i 2014)
- Na Coimisinéirí Ioncaim 3.2% (2.5% i 2014)

Bhí na Coimisinéirí Ioncaim géilliúil arís tar éis dóibh a bheith faoi bhun an sprioc 3% le trí bliana anuas.

Tábla 3: Sonraí de réir méid comhlacht poiblí 2015

Líon foirne	Líon Comh-lacht Poiblí	Iomlán foirne	Líon foirne faoi mhíchum-as	% foirne faoi mhíchum-as	% líon iomlán foirne	% líon iomlán foirne faoi mhíchum-as
1-99	89	3,143	142	4.5%	1.6%	2.1%
100 -999	97	40,562	1,687	4.2%	20.1%	23.0%
1,000 -4,999	28	58,021	2,393	4.1%	28.8%	33.0%
5,000 +	6	99,615	3,023	3.0%	49.5%	41.7%
Total 2014	220	201,341	7,245	3.6%	100%	100%

Achoimre

Ó thaobh méid de, leantar den phatrún gurb ins na comhlachtai is mó atá nach mór a leath den bhfoireann iomlán san earnáil phoiblí. Ar aon dul le 2014 shroich gach aon chatagóir an

sprioc 3%. Bhí méadú ar lucht míchumais ag na comhlachtaí ar fad sa chatagóir 5000+ ach amháin Bord Soláthair an Leictreachais a d'imigh ó 5.3% i 2014 go 4.7% i 2015.

2.5 Na hAthruithe a thuiscint

Fáiltíonn an NDA roimh an meadú beag breise go 3.6% ar an gcéatadán iomlán. Sin 474 duine faoi mhíchumas sa bhreis atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Ní gá gur lucht nua foirne iad seo, bheadh feabhas ar thuairisciú i gceist nó b'fhéidir daoine a bhí ann cheana ach atá anois faoi mhíchumas.

Bhain an chuid ba mhó den mhéadu úd le dhá chomhlacht san earnáil sláinte:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte +138
- Ospidéal San Shéamais +125

Bhí méadú suntasach freisin ag:

- Bus Éireann +26
- An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe +24
- Gníomhaireacht Leanaí & Teaghlach (TUSLA) +21
- Na Coimisinéirí Ioncaim +44

Líon Bus Éireann agus na Coimisinéirí Ioncaim daonáireamh i 2015 tar éis bearna sa tuairisciú.

3. Monatóireacht agus Géilliúlacht

3.1 Sprioc-amanna tuairisce

Tháinig feabhas ó anuraidh ar ghéilliúlacht don sprioc-lá tuairisce do shonraí cainníochtúil. I ranna áirithe bhí deacrachtaí maidir leis na haighneachtaí cineálach a cheadú. D'iarr an NDA na haighneachtaí cainníochtúil a sheoladh go práinneach ionas nach mbeadh aon mhoill ar dheimhniú ná anailís sonraí. Cuireadh na tuairiscí cineálach ar aghaidh níos déanaí.

Sa tábla anso thíos léirítear dátaí faighte ó na ranna a sheol tuairisc tar éis an sprioc-lá 30 Meitheamh. Ní raibh moill orthusan i 2014.

Géilliúlacht do sprioc-amanna tuairisce

Roinn	Tuairiscí Cainníochtúil Faighte	Tuairiscí Cineálach Faighte
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	13/07/2016	25/08/2016
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Comhshaoil	30/06/2016	20/07/2016
An Roinn Dlí agus Cirt, agus Comhionannais	01/07/2016	15/08/2016
An Roinn Coimirce Sóisialaí	13/07/2016	13/07/2016

Foinse: Dátaí aighneachtaí faighte ag an NDA trí r-phost

3.2 Géilliúlacht don Acht - 2013 agus 2014

Ba chás leis an NDA anuraidh go raibh líon mór na gcomhlachtaí móra poiblí faoi bhun an sprioc 3% le dhá bhliain, 2013 agus 2014.

Trín gcumhacht reachtúil a leagtar amach i gCuid 49 den Acht lean an NDA an scéal leo siúd agus le comhlachtaí eile poiblí ag iarraidh a fháil amach cén bearta a rinneadh chun géilliúlacht a bhaint amach.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagraí um iarrachtaí na gcomhlachtaí ar ghéilliúlacht a fheabhsú, is í tuairim an NDA nár ghéill Ospidéal Beaumont don Acht an dá bhliain úd.

Tá an NDA ag plé leis an Aire Sláinte faoi na horduithe a bhféadfaí a thabhairt don gcomhlacht um bhearta a chuirfí i gcrích chun an scéal a réiteach. Maidir le FSS, os rud é gur eisíodh cinneadh don dá bhliain 2012/2013 agus go bhfuil na bearta á gcur i gcrích ag FSS, cuimhneofar air sin agus cinntí a bplé amach anseo.

3.3 Géilliúlacht don Acht - 2014 and 2015

Is léir don NDA nár éirigh leis na comhlachtaí móra poiblí seo (breis is 100 foirne) an sprioc 3% a bhaint amach le dhá bhliain anuas;

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlach
- Ospidéal Beaumont
- NTMA
- Fiontar Éireann
- Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann
- Comhairle Chontae Shligigh
- Comhairle Chontae Cheatharlach
- Campaí Leanaí Bhaile an Oibricigh

Bainfidh an NDA úsáid as an gcumhacht reachtúil faoi Chuid 49 den Acht chun breis eolas a fháil uathusan i dtreo breith a thabhairt maidir le neamhghéilliúlacht (nó a mhalairt) faoin Acht.

3.4 Gnó an Choiste Monatóireachta

I dtuarascáil 2014 ba chás leis an NDA an leibhéal plé leis an bpróiseas reachtúil ag Coistí Monatóireachta na Ranna. Is cás fós linn é, mar is léir nach dtarlaíonn cruinnithe go leanúnach (má tharlaíonn) agus bíonn an-éagsúlacht idir na tuairiscí. Uaireanta ní fhaightear mar aiseolas ach cóip den tuairisc ón gcomhlacht phoiblí, gan aon anailís déanta ó shin air.

Ceisteanna Luaite

Luiagh coistí áirithe monatóireachta ceisteanna nach mbaineann le haon earnáil amháin ach leis na comhlachtaí poiblí go ginearálta, mar shampla:

- go bhféadfaí Seirbhís lárnach um Chúnamh Fostaithe i bpáirt a bhunú chun tacú le comhlachtaí poiblí, bheadh sí go maith ó thaobh costas agus cur chuige comónta de.

- go mbíonn dúshlán ag baint le deacrachtaí meabharshláinte a admháil is go gcaithfear smaoineamh air sin agus ar thimpeallacht tacaíochta a chinntiú dóibh siúd lena mbaineann.
- ag eirí as an straitéis chuimsitheach fhostaíochta go gcaithfidh an earnáil phoiblí ullmhú do na spriocanna fostaíochta méadaithe a bhaint amach.

Leanfaidh an NDA den eolas agus deachleachtas a roinnt is iad ag cabhrú le comhlachtaí poiblí lena ndualgais a chomhlíonadh. Is fíor, áfach, gur ceist leathan í an tSeirbhís um Chúnamh Fostaithe agus go gcaithfí é sin a phlé idir an gréasán bainisteoirí HR agus Oifig Fála an Rialtais.

Caighdeán an eolas a sholáthraítear a fheabhsú

Is léir go mbíonn malairt tuairimí ann maidir le míniú an téarma 'daonáireamh'. Don phróiseas seo, dar leis an NDA bíonn daonáireamh ann nuair a iarrtar ar gach fostaí a stádas míchumais a dhearbhú laistigh de bhliain ar leith, nó ar dháta áirithe i rith na bliana.

Bíonn rogha bealaí eile ag coiste monatóireachta chun tuairisc an choiste a ullmhú. Féadfar taifid HR a athbhreithniú in ionad daonáireamh a reachtáil, nó d'fhéadfaí cur le daonáireamh a tharla cheana féin. De réir ár dtaithí féin tá buntáiste ag baint le leas a bhaint as ócáid an daonáirimh chun cur le feasacht míchumais. Éireoidh go maith leis an bpróiseas má chuirtear i bhfeidhm córas leathan cumarsáid is plé le páirtithe leasmhara, foireann agus ceardchumainn san áireamh.

Más rud é nár tharla daonáireamh iomlán foirne bliain ar bith, ba chóir an freagra 'Níor tharla' a thabhairt ar cheist 2.4 'Ar tharla Daonáireamh' agus gan aon rud a chur i ndiaidh ceisteanna 2.5 agus 2.6 a bhaineann le freagraí an daonáirimh.

3.5 Maolú

Áirítear na céatadáin go léir ceart go dtí an chéad deachúil.

3.6 Dearmaid – athruithe tar éis dáta foilsithe

Faoi láthair níl aon athrú ar na sonraí foilsithe.

Aguisín A – Ranna Rialtais

		2015		2014	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
An Roinn					
Talmhaíocht, Iascaireachtaí & Bia	3136	124	4.0%	117	3.7%
Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta	590	18	3.1%	20	3.4%
Leanaí & Gnóthaí Óige	160	8	5.0%	11	7.1%
Cumarsáide, Gníomh Aeráide & Comhshaoil	276	9	3.3%	9	3.4%
Cosanta	354	11	3.1%	16	4.7%
Cosanta – Fostaithe Sibhialta	499	23	4.6%	25	4.9%
Oideachais & Scileanna	1289	52	4.0%	45	3.5%
Airgeadais	304	15	4.9%	11	3.4%
Gnóthaí Eachtracha & Trádála	1440	51	3.5%	52	3.6%
Sláinte	363	12	3.3%	12	3.3%
Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil	758	36	4.7%	35	4.6%
Post, Fiontar agus Nuálaíochta	842	48	5.7%	44	5.5%
Dlí & Cirt & Comhionannais	1658	84	5.1%	86	5.3%
Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe	1060	54	5.1%	30	3.4%
Coimirce Sóisialaí	6878	339	4.9%	327	4.7%
an Taoisigh	206	11	5.3%	13	6.6%
Iompar, Turasóireachta & Spóirt	473	21	4.4%	21	4.6%
An tIomlán	**20286**	**916**	**4.5%**	**874**	**4.3%**

Aguisín B – Comhlachtaí poiblí

Tuairiscíonn comhlachtaí poiblí a fhostaíonn státseirbhigh chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An Roinn Talmhaíocht, Iascaireachtaí & Bia

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
Bord Bia	95	1	1.1%	1	1.1%
Bord Iascaigh Mhara	123	3	2.4%	4	3.3%
Bord na gCon	175	7	4.0%	18	3.6%
Coillte	562	33	5.9%	28	5.1%
Rásaíocht Capall Éireann	177	8	4.5%	4	2.3%
Graí Náisiúnta na hÉireann	66	0	0.0%	4	6.2%
Foras na Mara	175	8	4.6%	8	4.4%
Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne	5	0	0.0%	0	0.0%
Údarás Cosaint Iascaigh Mhara	87	5	5.7%	5	5.6%
Teagasc	1208	46	3.8%	50	4.1%
Comhairle Tréidliachta	5	0	0.0%	0	0.0%

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
An Chomhairle Ealaíon	47	1	2.1%	0	0.0%
Leabharlann Chester Beatty	30	0	0.0%	0	0.0%
Áiléar Crawford	18	3	16.7%	2	10.5%

Foras na Gaeilge	47	1	2.1%	2	4.1%
An Chomhairle Oidhreachta	14	1	7.1%	1	7.1%
Bord Scannán na hÉireann	17	1	5.9%	0	0.0%
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	66	3	4.5%	6	9.1%
An Ceoláras Náisiúnta	89	5	5.6%	5	5.6%
An Gailearaí Náisiúnta	108	5	4.6%	5	4.6%
An Leabharlann Náisiúnta	95	8	8.4%	9	9.5%
Ard-Mhúsaem na hÉireann	150	10	6.7%	10	6.7%
Údarás na Gaeltachta	81	4	4.9%	4	5.0%
Boord o Ulster-Scots	17	0	0.0%	0	0.0%
Uiscebhealaí Éireann	233	9	3.9%	9	3.9%

An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumais**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
Údarás Uchtála na hÉireann				4	18.2%
TUSLA	4035	26	0.6%	47	1.2%
Campaí Bhaile an Oibricigh	256	2	0.8%	4	1.6%

An Roinn Cumarsáide, Gníomh Aeráide & Comhshaoil

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
An Post	8878	444	5.0%	444	5.1%
Bord na Móna	1779	60	3.4%	59	3.3%
An tÚdarás Craolacháin	35	0	0.0%	1	2.8%
ComReg	110	4	3.6%	4	3.6%
CER	86	8	9.3%	5	5.4%
EirGrid Plc	345	17	4.9%	19	5.2%

BSL	5745	302	5.3%	282	4.7%
Ervia/Gréasán Gáis na hÉireann	808	24	3.0%		#DIV/0!
Iascach Intíre Éireann	306	15	4.9%	14	4.7%
OSI	233	7	3.0%	7	3.1%
Raidió Teilifís Éireann (RTÉ)	1899	68	3.6%	66	3.3%
Údarás Fuinnimh inmharthana	51	2	3.9%	3	5.6%
TG4	83	3	3.6%	3	3.6%
An Mol Digiteach	10	0	0.0%	0	0.0%

An Roinn Oideachais & Scileanna

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
IT Átha Luain	672	21	3.1%	22	3.3%
IT Chorcaí	1461	66	4.5%	60	4.4%
IT BÁC	1997	86	4.3%	86	3.7%
Inst ADT Dún Laoghaire	268	8	3.0%	10	3.6%
IT Dhún Dealgan	581	26	4.5%	27	4.5%
IT GaillimhMaigh Eo	657	24	3.7%	25	3.7%
IT Baile Bhlainséir	278	11	4.0%	14	5.0%
IT Cheatharlach	676	33	4.9%	33	4.4%
IT Shligigh	495	18	3.6%	19	3.5%
IT Tamhlacht	489	19	3.9%	16	3.3%
IT Trá Lí	362	13	3.6%	13	3.5%
Léargas	36	1	2.8%	1	3.3%
IT Leitir Ceanainn	338	16	4.7%	18	5.1%
IT Luimnigh	613	26	4.2%	25	4.1%

Coláiste Náisúnta Ealaíne is Deartha	133	4	3.0%	4	2.5%
Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann	81	1	1.2%	1	1.4%
SOLAS – Seirbhís Oid. Leanúna & Scileanna	218	12	5.5%	11	5.3%
IT Phort Láirge	899	29	3.2%	26	2.5%

An Roinn Airgeadais

			2014	2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
Gníomhaireacht an Chisteáin Náisiúnta	759	10	1.3%	10	1.3%

An Roinn Sláinte

			2014	2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% f.m.**
Ospidéal Beaumont	3419	81	2.4%	88	2.5%
Comhairle Fiaclóireachta	4	0	0.0%	0	0.0%
Ospidéal Déadach BÁC	206	11	5.3%	9	4.3%
Údarás Sábhailteachta Bia na hÉireann	72	3	4.2%	4	5.3%
Údarás um Fhaisnéis & Cáilíocht Sláinte	182	6	3.3%	8	4.2%
Údarás Árachas Sláinte	11	1	9.1%	1	10.0%
Údarás Táirgí Sláinte	289	12	4.2%	12	4.1%
An Bord Taighde Sláinte	59	1	1.7%	1	1.7%

FSS	61974	1293	2.1%	1431	2.2%
Institiúid Sláinte Poiblí	27	1	3.7%	1	4.2%
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann	601	16	2.7%	15	2.7%
Ospidéal Bhaile na Lobhar	228	18	7.9%	18	7.2%
Comhairle Dochtúirí Leighis	60	1	1.7%	3	4.3%
An Coimisiún Meabhair-Shláinte	34	1	2.9%	1	2.9%
An Clárlann Náisiúnta Ailse	51	3	5.9%	3	5.4%
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	48	0	0.0%	2	4.3%
An Bord Altranais & Cnáimhseachais	43	1	2.3%	1	2.6%
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann	37	1	2.7%	4	10.0%
Comhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil	11	0	0.0%	0	0.0%
*Saf*efood	29	1	3.4%	1	3.0%
Ospidéal San Shéamais	4504	291	6.5%	416	9.2%
Ospidéal Adelaide & An Mhí	3223	107	3.3%	115	3.9%
An Bord Árachas Sláinte Shaorálaigh	1121	37	3.3%	49	4.2%

An Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta

			2014	2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% mí-chumas**
Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí				5	7.1%
Fiontraíocht Éireann	645	19	2.9%	16	2.8%

Údarás Sláinte & Sábháilteachta	174	7	4.0%	6	3.4%
IDA Éireann	307	12	3.9%	13	4.2%
InterTrade Éireann	39	1	2.6%	1	2.6%
Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta	132	6	4.5%	5	3.8%
Bord Measúnú Gortuithe Pearsanta	67	0	0.0%	0	0.0%
Fundúireacht Eolaíochta Éireann	49	2	4.1%	2	4.1%

An Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhí-chumas**
Údarás Náisiúnta Míchumais	33	7	21.2%	5	16.1%

An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**
An tÚdarás Uchtála	23	0	0.0%		
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta	3	0	0.0%	0	0.0%
An Coimisinéir Teanga	6	0	0.0%	0	0.0%
An Bord Pinsin Airm	2	0	0.0%	0	0.0%
An Phriomh-Oifig Staidrimh	697	40	5.7%	49	5.8%
An tÚdarás Rialála Carthanas	10	0	0.0%	2	10.5%
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit				8	3.2%
Cosaint Shibhialta	28	4	14.3%	4	14.3%

Coimisiún um Iomaíocht & Cosaint Tomhaltóirí	78	4	5.1%		
Coimisiún um Chosaint Sonraí	28	3	10.7%	3	6.8%
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	5	2	40.0%	0	0.0%
Cigireacht An Gharda	9	0	0.0%	0	0.0%
Tithe an Oireachtais	409	17	4.2%	14	3.0%
An tSeirbhís Dócmhainneachta	84	5	6.0%	2	2.9%
An Oifig Aicmithe Scannán	8	0	0.0%	0	0.0%
Coimisiún um Chearta an duine & Comhionannais	21	0	0.0%	0	0.0%
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	372	16	4.3%	14	3.4%
Comhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta	29	2	6.9%	2	5.9%
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	97	5	5.2%	5	5.1%
Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	5	0	0.0%	0	0.0%
Oifig an Ard-Aighne	121	4	3.3%	4	3.1%
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste	150	6	4.0%	5	3.5%
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	189	11	5.8%	11	5.6%
Oifig Ombudsman/Choimisin-éir Faisnéise/Choimisinéir um Cheapacháin na Seirbhíse Poiblí	96	5	5.2%	4	3.6%
Oifig an Uachtaráin	26	1	3.8%	1	3.6%

Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe	103	5	4.9%	5	5.0%
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	4	0	0.0%	0	0.0%
Údarás Clárúcháin Maoine	548	35	6.4%	35	6.6%
Údarás Rialáil Seirbhísí Maoine	17	1	5.9%	1	5.0%
Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí	105	6	5.7%	5	3.9%
Binse Achomhairc Dídeanaithe	34	2	5.9%	2	5.3%
Na Coimisinéirí Ioncaim	6036	153	2.5%	197	3.2%
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	152	7	4.6%	7	4.4%
An tSeirbhís Cúirteanna	985	31	3.1%	31	3.1%
Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais	41	4	9.8%		
Áisínteacht Náisiúnta Tomhaltóirí	78	4	5.1%		
Oifig na nOibreacha Poiblí	575	17	3.0%	22	3.7%
Ombudsman do Leanaí	8	0	0.0%	0	0.0%
Údarás Slándála Príobháidí	36	1	2.8%	1	2.6%
An tSaotharlannn Stáit	85	5	5.9%	5	5.7%
An Oifig/Binse Luachála	127	7	5.5%	6	4.9%

An Roinn Coimirce Sóisialaí

			2014	2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhí-chumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchum-as**
Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	87	8	9.2%	8	9.8%
Oifig an Ombudsman Pinsean	8	1	12.5%	1	16.7%

An tÚdarás Pinsean	45	1	2.2%	0	0.0%

Roinn an Taoisigh

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhíchumas**	**% faoi mhí-chumas**
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	248	22	8.9%		
Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	18	0	0.0%	0	0.0%
Oifig an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch & Sóisialta	18	1	5.6%	1	5.9%

An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt

		2014		2015	
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhí-chumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhí-chumas**	**% faoi mhí-chumas**
Bus Éireann	2451	94	3.8%	120	4.8%
Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	15	0	0.0%	0	0.0%
Córas Iompair Éireann	191	7	3.7%	6	3.2%
daa plc	2595	87	3.4%	90	3.2%
Cuideachta Poirt Droichead Átha	11	0	0.0%	0	0.0%
Bus Átha Cliath	3286	159	4.8%	156	4.6%
Cuideachta Poirt Átha Cliath	137	1	0.7%	7	5.0%
Cuideachta Cuan Dún Laoghaire	21	1	4.8%	1	4.8%
Fáilte Éireann	337	12	3.6%	14	4.0%
Calafort na Gaillimhe	12	0	0.0%	0	0.0%
Iarnród Éireann	3785	119	3.1%	123	3.2%
Údarás Eitlíochta na hÉireann	652	22	3.4%	21	3.2%
An Chomhairle Spóirt	33	2	6.1%		
Údarás um Bhóithre Náisiúnta	104	4	3.8%		

Campas Spóirt Údarás Forbartha	3	0	0.0%		
Údarás Náisiúnta Iompair	71	1	1.4%	3	3.8%
Cuideachta Phoirt Ros Mhic Thriúin	4	0	0.0%	0	0.0%
Cuideachta Cuain Chorcaí	111	4	3.6%	4	3.4%
Cuideachta Cuain Phort Láirge	30	0	0.0%	0	0.0%
Gníomhaireacht um Fháil Iarnród	171	5	2.9%		
Coimisiún Sábháilteachta Iarnród	9	0	0.0%	0	0.0%
Údarás Sábháilteacht ar Bhóithre	314	6	1.9%	10	3.1%
Cuideachta Phort Sionainne/Fhainge	43	2	4.7%	2	4.5%
Grúpa na Sionainne Plc	467	17	3.6%	17	3.6%
Tourism Ireland	43	2	4.7%	2	4.7%
Bonneagar Iompair Éireann				9	3.6%
Cuideachta Poirt Chill Mhantáin	2	0	0.0%	0	0.0%
Spórt Éireann				2	6.1%

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil

			2014		2015
Comhlachtaí Poiblí	**Iomlán foirne**	**Líon faoi mhí-chumas**	**% faoi mhíchumas**	**Líon faoi mhí-chumas**	**% faoi mhí-chumas**
An Bord Pleanála	152	8	5.3%	5	3.4%
Comhairle Contae Cheatharlach	311	9	2.9%	7	2.0%
Comhairle Contae an Chabháin	384	29	7.6%	28	7.3%
Comhairle Contae an Chláir	752	32	4.3%	28	3.7%
Comhairle Cathrach Chorcaí	1276	52	4.1%	52	4.0%
Comhairle Contae Chorcaí	2506	81	3.2%	87	3.4%
Comhairle Contae Dhún na nGall	859	33	3.8%	33	3.8%
Comhairle Cathrach BÁC	5763	325	5.6%	330	5.9%

Údarás Duga BÁC	1	0	0.0%	0	0.0%
Comhairle Contae DLR	1013	45	4.4%	42	4.4%
Tionól Réigiúnach Oirthir-Láir				0	0.0%
Gníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil	365	16	4.4%	16	4.5%
Ervia/Gréasán Gáis Éireann				34	3.9%
Comhairle Contae Fhine Gall	1382	69	5.0%	73	5.3%
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	436	25	5.7%	25	5.6%
Comhairle Contae na Gaillimhe	791	35	4.4%	36	4.6%
Gníomhaireacht Tithíochta	36	1	2.8%	1	2.8%
Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta	14	0	0.0%	0	0.0%
Uisce Éireann	660	5	0.8%	24	3.2%
Sábháilteacht Uisce Éireann	6	0	0.0%	0	0.0%
Comhairle Contae Chiarraí	1365	77	5.6%	81	5.9%
Comhairle Contae Chill Dara	914	63	6.9%	65	7.0%
Comhairle Contae Chill Chainnigh	528	23	4.4%	23	4.4%
Comhairle Contae Laoise	375	18	4.8%	21	5.3%
Comhairle Contae Liatroma	272	8	2.9%	8	3.0%
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh	1180	37	3.1%	40	3.3%
Gníomhaireacht Bainistíochta RÁ	97	7	7.2%	7	7.0%
Comhairle Contae Longfoirt	286	17	5.9%	15	5.2%
Comhairle Contae Lú	792	35	4.4%	35	4.5%
Comhairle Contae Mhaigh Eo	1114	71	6.4%	71	6.4%
Comhairle Contae na Mí	678	25	3.7%	25	3.6%
Comhairle Contae Mhuineacháin	397	25	6.3%	26	6.5%

Tionól Réigiúnach Tuaiscirt-Iarthair	12	0	0.0%	0	0.0%
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	391	13	3.3%	13	3.3%
Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha	19	1	5.3%	1	4.8%
Comhairle Contae Ros Comáin	429	20	4.7%	20	4.7%
Comhairle Contae Shligigh	437	5	1.1%	5	1.2%
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	1170	36	3.1%	39	3.4%
Tionól Réigiúnach an Deiscirt	23	0	0.0%	0	0.0%
Comhairle Contae Thiobraid Árann	1089	34	3.1%	34	3.2%
Comhairle Contae & Cathrach Phort Láirge	973	33	3.4%	33	3.3%
Coimisiún Forbartha an Iarthair	11	0	0.0%	0	0.0%
Comhairle Contae na hIarmhí	447	21	4.7%	22	4.8%
Comhairle Contae Loch Garman	917	51	5.6%	66	7.2%
Comhairle Contae Chill Mhantáin	728	23	3.2%	22	3.1%

Aguisín C – Rátaí freagartha daonáireamh foirne 2015

Ainm	Ráta Freagartha
Údarás Uchtála na hÉireann	27.3%
An Bord Pleanála	49.3%
An Chomhairle Ealaíon	56.8%
Bord Bia	10.8%
Bord Iascaigh Mhara	18.9%
Bord na gCon	80.0%
Údarás Craolacháin na hÉireann	75.0%
Comhairle Contae Cheatharlach	41.4%
Údarás Rialála Carthanas	31.6%
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	26.6%
Gníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach (TUSLA)	15.8%
Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	58.8%
Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)	16.2%
Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER)	82.6%
Coimisiún um Iomaíocht & Cosaint Tomhaltóirí	14.3%
daa plc	34.5%
Coimisinéir um Chosaint Sonraí	45.5%
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	100.0%
An Roinn Oideachais & Scileanna	3.7%
An Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais	78.3%
An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe	11.1%
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	32.6%
Údarás Duga Bhaile Átha Cliath	100.0%
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	18.2%
Cuideachta Poirt Átha Cliath	80.9%
IT Dún Dealgan	56.8%
Comhthionol Réigiún an Oirthir & an Láir	100.0%
Foras na Gaeilge	81.6%
Cigireacht An Gharda	41.7%
Údarás Sláinte & Sábhailteachta	84.0%
Údarás um Fhaisnéis & Cáilíocht Sláinte	22.0%
Údarás Árachas Sláinte	100.0%
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	11.3%
Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta	100.0%
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	20.0%
Institúid Sláinte Poiblí	83.3%
InterTrade Éireann	100.0%

Seirbhísí Fuilaistriúcháin na hÉireann	89.1%
Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	100.0%
Músaem Ealaíne na hÉireann (IMMA)	83.3%
An Graí Náisiúnta	84.6%
Uisce Éireann	83.9%
Sábháilteacht Uisce Éireann	100.0%
IT Shligigh	13.8%
Comisiún um Athchóiriú an Dlí	94.4%
Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	98.8%
Comhairle na nDochtúirí Leighis	81.2%
Comisiún Meabharshláinte	17.6%
An Clárlann Náisiúnta Ailse	60.7%
Oifig Forbartha Náisiúnta Eacnamaíoch & Sóisialta	100.0%
Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne	100.0%
Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)	92.3%
Údarás Iompair Náisiúnta	48.8%
Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	87.0%
Oifig an Ard-Aighne	89.0%
Oifig an Ombudsman Pinsean	100.0%
Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe	70.3%
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	100.0%
Bord Measúnú Gortuithe Pearsanta	100.0%
Cumann Cógaisíochta na hÉireann	100.0%
Údarás Rialáil Seirbhísí Maoine	70.0%
Ceapacháin na Seirbhíse Poiblí	59.8%
Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann	100.0%
Binse Achomharc Dídeanaithe	65.8%
Na Coimisinéirí Ioncaim	3.2%
Údarás Sábháilteacht ar Bhóithre	49.1%
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	79.6%
Comisiún na Scrúduithe Stáit	13.3%
Údarás Fuinnimh Inmharthana	74.1%
TG4	84.3%
An Mol Digiteach	100.0%
Oifig an Ombudsman Leanaí	54.5%
Údarás Slándála Príobháidí	87.2%
Bonneagar Iompair Éireann	68.8%
Oifig/Binse Luachála	68.0%
An Bord Arachas Sláinte Shaorálaigh	97.9%
Comisiún Forbartha an Iarthair	100.0%
Cuideachta Poirt Chill Mhantáin	100.0%
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe & Gaeltachta	23.7%

Údarás Náisiúnta Míchumais

25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4

Teileafón: (01) 608 0400

Faics: (01) 660 9935

www.nda.ie

Is é Údarás Náisiúnta Míchumais an chomhlacht stáit neamhspleách a chuireann sainchomhairle faoi pholasaí agus cleachtas míchumas ar an Rialtas, agus a chuireann Dearadh Uilíoch chun cinn in Éirinn.